Práinn i Dún na nGall

Sa Dáil ċeistniġ Pádraiġ Ó Domhnaill, T.D., cé acu ḃí an Taoiseaċ ċun a ḟógairt go raiḃ ceanntair géiḃinn i nDún na nGall mar ġeall ar na tuillte móra. Rialaiġ an Ċeann Comhairle go raiḃ an ceiste as ordú.

An Taoiseaċ — Ḃí sé ag báistiġ in áiteaċa eile san tír ċom maiṫ.

Pádraiġ Ó Domhnaill — An é sin an freagra atá pobal Dún na nGall le fáil? Nuair a ċuir sé ins an Tráiġ Ṫuaiḋ i mBaile Áṫa Cliaṫ agus an Rialtas Ioir-Ṗáirtí i gcumhaċt, rinneamar gníomh.

An tUasal Hilliard — Tá ḟios againne an freagra a fuair muid an uair sin.

Pádraiġ Ó Domhnaill — Fuair siad airgead i gceantar na Sionainne ċom maiṫ.

Brian Ó Lionaċáin — Ó Rialtas Fianna Fáil a ṫáiniġ taréis an Rialtas Ioir-Ṗáirtí.

Pádraiġ Ó Domhnaill—Ní raiḃ tusa aċ in do ġasúr an t-am sin.

Scéimeanna Speisialta Oibreaċais

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ Riobárd Ó Maolċaṫa den Aire Airgeadais fan airgead a ḃí curṫa in áiriṫe fá ċoinne na scéimeanna speisialta oibreaċais ins an ḃliain seo agus cé méid den airgead a ḃí curṫa in áiriṫe do Ċontae na Gaillimhe.

Dúirt Séamas Ó Giobúin, T.D. Rúnaí Pairliminte don Aire Airgeadais, go raiḃ £831,000 ḃótáilte do na scéimeanna speisialta oibreaċais agus go raiḃ £95,250 de sin á ċur in áiriṫe do Ċontae na Gaillimhe. Ag freagairt ceiste eile on Uasal Ó Maolóia, dúirt sé go raiḃ gnóṫaí Oifig na Scéimeanna Speisialta Oibreaċais a aiṫḃreiṫniú i láṫair na huaire aċ naċ dtiocfaḋ leis ráiteas a ḋéanamh faoi an scéal go fóill. Ag freagairt ceiste eile ón Uasal T. F. Ó hUigín, dúirt an tUasal Ó Giobúin gur stopaḋ de glacaḋ iarratаisí nua faoi an Scéim Feaḃsúċán Tuaiṫe toisc go raiḃ oiread iarratаisí ar fáil agus naċ ḃféadfaí freastail ar ċinn nua. Ḃí go leor iarratаisí ar láimh, a dúirt sé, leis an oifig a ċoiméad ag obair go cionn bliana. Ḃí 1,678 iarratаisí ar láimh.

ROSMUC

Ḃí an rud ag dul ar aġaiḋ go maiṫ leis na pleananna don monarcan nua fíodóra atá Gaeltarra Éireann ag tógáil i Rosmuc. Cloisimid go ḃfuil na tairiscintí istiġ fá ċoinne na tógála ó ċonnraṫóirí tógála ⁊ go ḃfuil siad 'á scrúdú i láṫair na huaire. Féadfar go nglacfar le tairiscint feiliúnaċ an tseaċtain seo ċugainn agus ní ḃeiḋ sé i ḃfad ina ḋiaiḋ sin go síneófar na doiciméid agus gur féidir leis an obair dul ċun tosaiġ.

Tá an obair fíodóraċta seo ar siúl le tamall anuas ins an tsean Coláiste Gaeilge i Rosmuc, áit naċ ḃfuil feiliúnaċ mar monarcain. Ċinn luċt stiúrṫa Gaeltarra Éireann ar monarcain nua a ṫógaint annseo. Deirtear go ḃfuil seans ann go ḃfostófar roinnt maiṫ oibriṫe breise cé naċ féidir a ḃeiṫ cinnte de sin go fóill.

Tá Teaċ an Ṗiarsaiġ ar an nGort Mór á aṫċóiriú agus troscán nua a ċur ann le na ḟágáil sa rioċt ina raiḃ sé le linn na Piarsaiġ féin a ḃeiṫ ag teaċt ann. Oifig na nOibreaċa Poiblí, Rannóg Séadċomharṫaí Sinnsir a caomhnú a ḃéas i mbun na hoibre agus fógraíoḋ é seo tamall ó ṡoin. Go dtí seo is iomaí duine ar baineaḋ beang easta nuair a ċonnaic siad é lom folamh gan néiṫe suimiúil ar biṫ le feiceáil ann in aois gur cuairt air.

Colm Ó Loċlainn a ṫug eolas cruinn ar an leagan amaċ agus an troscán a ḃíoḋ sa teaċ nuair a ḃí Pádraiġ Mac Piarais ag teaċt ó Ḃaile Áṫa Cliaṫ agus ġeall sé féin agus Captaen Caomhgin Ó Danaċair, Coimisiún Béaloideasa, go dtaḃarfaidís gaċ congnamh ċun teaċt ar tuilleaḋ ball troscán agus airteagail den cineál a ḃíoḋ sa teaċ. Ḃí failli á ḋéanamh san teaċ seo le tamall agus glacfaiḋ Bord na hOibreaċa Poiblí mar tús iarraċt a ḋéanamh le fáil réiti leis an miol adhmaid atá ins an teaċ nó millfear troscán ar biṫ a ċuirfear ann. Com maiṫ leis sin ba ċeart a réitiú go mbeiḋ leaḃar nua cuairteoirí ar fáil agus dotan áiṫe ag cuairteoirí le na n-ainmneaċa a scríoḃaḋ ann. Déin an Comhairle Contae a gcuid féin den obair nuair a ċuir siad bóṫar réasúnta maiṫ ag dul suas ċuig an tiġ. An ḃfuil aon tráċt fós ar tús a ċur leis an iarsmalann, a d'ḟógar Seán Ó Doċartaiġ, iar-Ṗríomh Oifigeaċ Feiḋmeannaċ an Ċoiste Gairm Oideaċas na Gaillimhe a ḃí le bunú ins an teaċ?

Alt a' Ċorráin

Ag cruinniú in Alt an Ċorráin hiarraiḋ ar Séamas Mac Ruairí, Co.C., iarraí ar an innealltóir condae úsáid a baint as poill graibéal ins an áit fá ċoinne scéimeanna oibreaċais an geimhreaḋ seo. D'iarr an cruinniú fosta go gcuirfí comharṫaí ar bealtaí ag dul ċuig na tránna ins an áit. Pléiḋ ceisteanna fá'n iascaireaċt. Cuireaḋ rún buíoċais i ḃfeiḋm leis an Comhairleoir Mac Ruairí as na hiarraċtaí a ḃí sé a ḋéanamh ar son pobal na h-áiṫe. Séamas Ó Baoil as Arlannaí, Alt an Ċorráin, a ḃí i gceannas.

Baile na Finne

Tá an droiċead a leagaḋ ag Taoḃ a' Ṁuilinn deisiṫe agus an tráċt ag dul air.

De ṫairḃe moltaí a rinn Séamas Mac Ruairí, Co.C., táṫar leis an bealaċ mór condae idir Béal an Áṫa Ṁór agus Glaiseaċ a deisiú gan moill.

Taoide Barrlán

Figiúirí fé 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.

Dáta	Ard Na Caithne		Carna		Ára Mhór	
6-11-'65	4.03	16.12	3.20	15.29	1.57	14.19
7	4.36	16.47	3.53	16.04	2.38	14.59
8	5.09	17.22	4.26	16.38	3.17	15.37
9	5.42	17.58	4.59	17.15	3.56	16.15
10	6.17	18.36	5.34	17.53	4.32	16.52
11	6.55	19.16	6.12	18.33	5.10	17.31
12	7.34	20.01	6.51	19.18	5.50	18.12

Aḃainn na Finne

Sa Dáil, d'ḟiagraiġ Pádraiġ Ó Domhnaill, T.D., den Aire Airgeadais an raiḃ ḟios aige go raiḃ acraí fairsingṫe talaimh curaíoċta i mbailte fearann, Béal an Áṫa Ṁóir, Mín na Sróna agus Mín Mór Ṫoir i gContae Dún na nGall a ḃí millte scriosta ag tuillte ó Aḃainn na Finne agus an ḃféaċfaḋ sé ċuige leis an aḃainn a ġlanaḋ.

D'ḟreagar Séamas Ó Giobúin, T.D., Rúnaí Pairliminte don Aire Airgeadais go raiḃ Aḃainn na Finne mar uimhir 26 ar an liosta de príomhaċta de na príomh aiḃneaċa agus go raiḃ an Leanáin mar uimhir 25 ins an liosta de na beag aiḃneaċa. Déanfaí an draenáil ar na haiḃneaċa seo nuair a ṫiocfaḋ a seal. Ní ṫiocfaḋ leis a rá san am i láṫair cé'n uair a ṫiocfaiḋ an seal sin.

Ba i gContae Ṁuiġeo

Sa Dáil d'ḟiafraiġ Feilim Mac Giolla Laoġaire don Aire Talmhaíoċta agus Iascaí cé méid deontaisí a tugaḋ suas go dtí deire Meiṫimh seo caiṫe i gContae Ṁuiġeo faoi an scéim deontaisí fá ċoinne loiliġ. Dúirt an tUasal Ó Leaṫloḃair, T.D., rúnaí pairliminte don Aire Talmhaíoċta, gur tugaḋ deontaisí do 6,052 feilméiri i leiṫ 10,548 loiliġ.

Guṫán

Cuireaḋ isteaċ 250 guṫáin i gContae Ṁuiġeo ins an ḃliain a ċríoċnaiġ an 30ú lá de Ṁeiṫeamh seo caiṫe. agus ar an dáta sin ḃí 260 iarratаisí ó ḋaoine a ḃí ag fanaċt le guṫán.

Gleann Colmcille

Aḋḃar brón i nGleann Colmcille an scéala gur éag Peadar Mac Guiḋir, as Druim, Gleanncolmcille, in aois 76 bliana ag an Baile Bán, Oregon. D'ḟág sé Gleanncolmcille in aois a 15 bliana in 1904. Ḃí clú mór air mar dornálaí éadtrom i San Francisco agus Státaí eile Americea i dtús na haoise seo. Is faoin ainm Peadar McCába a bain sé os cionn scór de ḃliantaí dornalaíoċta Americea. Ḃí sé ag obair ag Staten Island agus ina ḋiaiḋ sin in Ogden in Utah, ins na comórtais dornalaíoċta. Ḃuaiġ sé craoḃ dornalaíoċta Stáit Utah. Ḃuaiḋ sé ar Cit Morris a ḃí ag coimhlint fá ċoinne craoḃ Státaí Ṁeiricea i dtroid 22 babta ag Seattle. Ṫug sé suas dornalaíoċt nuair a ċuaiġ sé isteaċ i gcaḃlaċ Ṁeiricea roimh an ċéad cogaḋ. Nítear comhbrón lena dearṫáir, Miċeál Mac Guiḋir, 84 bliana d'aois, atá ina ċónaí ag Málainn Mór, ag na dearṫáraċa eile, Séamas, Aindriú ag Druim, Labras in Oregon, U.S., agus Colm i gCeanada; lena deirfiúraċa Úna i San Francisco, Bríd i mBéal Feirste, Máire Bean Seáin Mac Giolla Easpaiġ, i Málainn Mór.

Ros a' Ṁíl

Léiriġ na cluiċí i Ros a' Ṁíl Dé Domhnaiġ, an feaḃas mór atá déanta ar an bpáirc ḃreá ansin, agus is mór an buíoċas atá tuillte ag Séiplíneaċ Ros a' Ṁíl, agus na daoine a ḃí ag caḃrú leis. Tá an ṗáirc go breá coṫrom mín, agus fál mór timpeall na n-áiṫe, agus í ċom maiṫ le aonpáirc eile i gConamara. muna ḃfuil níos fearr. Ba ċóir go mbeaḋ riar maiṫ cluiċí ḋá n-imirt anseo feasta.

Rátaí

Tá an ráta is aoirde go léir ag contae Ṁuiġeo—ráta de 79s. sa ṗunt.

Inaḋiaiḋ sin ṫig Ciaraiḋe le 76s. 6d., Gaillimh 74s. 3d. agus i Dún na nGall 72s. 8d.

Sé Liaṫdroim is comhgaire díoḃṫa sin le 66s. 6d., agus níl aċ ḋá ċontae eile sa tír uiliġ a ḃfuil os cionn 60s. acu—Corcaiġ agus Roscomáin.

Tá 12 contaeṫa le rátaí idir 50s. agus 60s. agus 5 contaeṫa le ráta idir 40s. agus 50s.

Contae na Miḋe an contae is ísle rátaí ar fad. Ḃí ráta de 35s. 5d. acu níos lú ná leaṫ contae ar biṫ de na contaeṫa Gaeltaċta.

Mar sin féin tógann an ráta sin de 35s. 5d. £537,000 aċan ḃliain, beagnaċ oiread agus a ṫógas ráta 79s. Ṁuiġeo a tugann isteaċ £628,000, ráta 76s. Ciarraiḋe a tugann isteaċ £626,000 nó ráta 72s. 8d. Dún na nGall a tugann isteaċ £649,000.

Agus is cosúil gur ag éirí níos measa atá an difir idir na contaete gaċ bliain. Ní raiḃ aċ ardú 3s. 11d. ar ráta na bliana anuraiḋ i gcontae na Miḋe. Ḃí ardú 10s. coṫrom i rátaí Ṁuiġeo ó anuraiḋ ann. Ḃíodar beagnaċ 10s. i gCiarraiḋe. Ḃíodar 6s. coṫrom i gcontae na Gaillimhe ⁊ 8s. 2d. i nDún na nGall. Mar a dúraḋ go minic in AMÁRAĊ is ag éirí níos measa a ḃéas an éagċoṫrom seo idir na contaeṫa saiḃre agus na contaeṫa boċta go dtí go ndéanfar socrú fá ċoinne Ciste Coṫromaiṫe Rátaí.

Bricíní

Toisc ċom holc agus a ḃí séasúr na móna i mbliana, níor tairgeaḋ aċ 55 p.c. den mhóin meilte a ṫairgeaḋ anuraiḋ agus tugaḋ an tromlaċ de seo fá ċoinne na stáisiúin geinte. Mar sin de ní raiḃ aċ beaga de ar fáil fá ċoinne tairgeaḋ bricíní. Tá ganntanas bricíní dá ḃárr sin agus tá ciondáil ar siúl ag Bord na Móna imeasc na gceannaiṫeoirí a ċeannaiġ bricíní ins an ḃliain 1963. Le corraḋ agus ḋá ḃliain tá i ḃfad níos mó éileamh ar ḃricíní ná mar is féidir soláṫar a ḋéanamh dóiḃ.

Tráċtáil Bliana

Ag an ḃliain a ċríoċnuí le mí Bealtaine seo caiṫe allmhuraíoḋ £364 milliún agus an ḃliain céanna onnmhuraíoḋ £313 milliún.

CLÁR RADIO

THURSDAY—5.1, Mac an Adha. 5.15, Irish Dance Music. 5.30, How The Murphys Won the West. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's the Doctor. 6.45, Fleadh Ceoil an Radio. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 7.30, Ag an Ladhran. 8.1, Record Report. 8.30, Between Ourselves. 9.1, R.I.P. 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Sceal Nua ar an Seansceal. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Recital.

FRIDAY—5.1, Children at the Microphone. 5.30, Dombey and Son. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal on Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Tommy O'Brien and his Records. 8.1, Flow On, Lovely River. 8.15, A Munster Journal. 8.45, Tuilleadh Sleachta As Mo Sceal. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Ad Lib.

SATURDAY—5.1, Piano Tunes. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, A Piper's Choice. 7.45, This Week at the United Nations. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, The Maureen Potter Show. 9.1, Invitation Concert. 10.30, Ceili House.

SUNDAY—10.30, High Mass. 12.30, The Church in the World. 1.0, The Maureen Potter Show. 1.35, Provincial News Round-up. 2.0, Town Hall To-night. 2.45, Topic. 3.15, Ceolta Tire. 3.30, Coriolanus. 4.50, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, The Al Jolson Story. 8.0, All My Sons. 9.25, Records. 9.30, The Years of the Great Test. 10.0, News. 10.15, Newspoint. 10.35, Music of the Nation. 11.05, Recital. 11.35, G.A.A. Results.

MONDAY—5.1, Out of Doors. 5.15, Rhythm and Rhyme. 5.30, Dombey and Son. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Annso Is Annsud sa Mhumhain. 7.30, Fleadh Ceoil an Radio. 8.1, Amhrain on Oireachtas. 8.30, The Collected Letters of George Bernard Shaw. 8.45, Poetry Anthology. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. 10.30, Serenade in the Night. 10.45, City Newsreel.

TUESDAY—5.1, Silwyn Slim and the Model Lorry. 5.15, Records For Children. 5.30, Mol an Oige. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Announcements; Report on Store Cattle Sales. 6.45, Requests from Overseas. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The Smile and the Tear. 8.1, A Woman's World. 8.30, Characters from Carleton. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Come All Ye Loyal Heroes.

WEDNESDAY—5.1, Rollo and Thunderblitz. 5.15, Records For Children. 5.30, Birthday Time. 5.45, Na Misiuin Thar Lear. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Announcements; Cattle Market Report. 6.45, Take the Floor in Belfast. 7.30, Break For Music. 8.1, Round Table on World Affairs. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, The Radio Eireann String Quartet. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Today in the Dail. 10.45, And Then Came Sound. 11.0, Pop Call.

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.